DocuSign Envelope ID: 904AD290-783A-4574-A6BD-05B6DD8E0352

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú 18 Meán Fómhair 2023

Baile na hAbhann

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**

Bhí Aedín O'Leary agus Mairéad Ní Nuadháin ar Zoom agus na Comhaltaí Boird eile i láthair i mBaile na hAbhann.

1. **Fáilte**

   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí agus fáilte roimh Trevor Ó Clochartaigh, Stiúrthóir Oibríochtaí & Acmhainní Daonna, atá ag glacadh cúramaí Éagsúlachta, Cothromais agus Ionchuimsitheachta do TG4.

2. **Deimhniú Leas Pearsanta**

   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa seachas an méid a bhí tugtha le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**

   Iarradh mionleasú ar mhiontuairiscí Mhí Iúil.

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**

   Ní raibh aon ghnó ag eirí as na Miontuairiscí.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

5.1 **Cainéal Cúla4**

Ghabh an tArd-Stiúrthóir buíochas as an obair a bhí déanta ag gach duine le Cainéal Cúla4 a sheoladh. Dúirt sé nach raibh aon duine ar fhoireann nó Bord TG4 nach raibh ról acu sa bhfís go mbeadh Cainéal Cúla4 ann. Dúirt gur cúis bhróid an cainéal a bheith anois ar an aer agus an lá seolta den scoth a eagraíodh Dé hAoine, 8 Meán Fómhair i mBaile na hAbhann.

Thug an Bord moladh ar leith don Ard-Stiúrthóir as an bhfís a léirigh sé agus a d'fhíoraigh sé leis an gcainéal a thabhairt ar an bhfód.

DocuSign Envelope ID: 904AD290-783A-4574-A6BD-05B6DD8E0352

5.2 **Rialtas, Roinn agus Coimisiún na Meán**

5.2.1 *Roinn, Rialtas & Buiséad 2023*: Dhearbhaigh an tArd-Stiúrthóir go raibh Ráiteas Straitéise curtha faoi bhráid na Roinne. Dúirt sé go raibh TG4 freisin ag déanamh iarratais ar mhaoiniú breise i 2023 chun cuid de na tograí atá brúite amach againn go dtí 2024 a chlúdach.

5.2.2 *Coimisiún na Meán:* Thug an tArd-Stiúrthóir le fios go raibh comhrá gearr aige le *Coimisinéir Forbartha na Meán* agus go dtuigeann CnaM gur mhaith le TG4 dul chun cinn a dhéanamh ar na nithe atá leagtha amach sa Straitéis Feidhmithe agus Plean Gníomhaithe maidir leis an Tuarascáil um Thodhchaí na Meán. Tá moill ar an amchlár a d'fhoilsigh siad ach tá súil ag an Ard-Stiúrthóir casadh leo go luath chun tosaíochtaí agus amlíne a aontú.

5.2.3 *RTÉ*: Dúirt an tArd-Stiúrthóir gur chreid sé go bhfuil moltaí an Tuarascála um Thodhchaí na Meán láidrithe mar gheall ar an phlé faoi chraoltóireacht seirbhíse poiblí agus gur ábhar dóchais é go bhfuil an Rialtas fós ag caint ar reachtaíocht nua craolacháin i 2024.

5.3 **Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíochtaí.**

5.3.1 *Seoladh an Fhómhair ag TG4*: Dúradh gur éirigh go maith le seoladh sceideal an fhómhair i mBaile Átha Cliath, ar an 21 Lúnasa agus go raibh cuid mhór de phearsana so-aitheanta an stáisiúin i láthair. Is í Louise Cantillon a bhí mar phríomh-láithreoir. Thug an seoladh blaiseadh de na cláracha nua agus léiriú ar dhoimhneacht agus éagsúlacht TG4.

5.3.2 *Fleadh 2023*: Dúradh gur chraol TG4 ceithre chlár beo ar an 10, 11, 12 agus 13 Lúnasa, ón Fhleadh Cheoil ar an Muileann gCearr á láithriú ag Aoife Ní Thuairisg, Doireann Ní Ghlacáin agus Peadar Ó Goill. Rinneadh freisin roinnt de na comórtais a shruthú beo ar an seinnteoir www.tg4.ie agus bhí cainéil meán sóisialta an-ghníomhach i gcaitheamh na seachtaine.

5.3.3 *Peil na mBan*: Moladh craoladh Cluichí Ceannais Peile na mBan ar an 13 Lúnasa, buaicphointe spóirt na bliana do TG4. Tugadh cuireadh do chomhpháirtithe TG4 freastal ar an gcluiche ag ócáid i bPáirc an

DocuSign Envelope ID: 904AD290-783A-4574-A6BD-05B6DD8E0352

Chrócaigh. Dúradh go raibh plé tosaithe leis an LGFA chun ceiliúradh a dhéanamh ar 50ú lá breithe an Chumainn, i samhradh 2024.

5.3.4 *Gearán faoi 'An Craoslach'*: Rinne Coimisiún na Meán (CnaM) cinneadh maidir leis an ngearán faoin gclár 'Iniúchadh - An Craoslach'. Cuireadh an cinneadh ar fáil don Bhord chomh luath agus a fuair TG4 é agus craoladh fógra ar TG4 ar an 30ú Lúnasa a bhí aontaithe le CnaM. Dúirt an tArd-Stiúrthóir go nglactar le cinneadh CnaM agus nótáladh go mbeidh gá a bheith níos airdeallaí amach anseo maidir le cláracha, ina bhféadfadh ábhar a bheith iontu, a d'fheadfadh cur as do dhaoine. Dúirt sé go raibh molta comhráití a bheith againn le CnaM chun soiléiriú a fháil ar na dualgais bhreise atá ar chraoltóirí i leith '*harmful content*', ó bunaíodh an rialaitheoir nua.

5.4 **Acmhainní Daonna, conarthaí, dlí agus cúrsaí foirne.**

5.4.1 *Folúntais*: Deimhníodh go raibh an ról Bainisteoir Sceidil Ilardán líonta agus dá réir folúntas fógartha do Bhainisteoir Taighde & Léargais Lucht Féachana. Dúradh go raibh na folúntais d'Ealaíontóir Grafach, Eagarthóir Cúla4 agus Cuntasóir Airgeadais Páirtaimseartha líonta anois. Tugadh le fios go mbeadh folúntais nua le fógairt i ról Eagarthóir Coimisiúnaithe agus Bainisteoir Acmhainní Daonna de bharr baill foirne ag eirí as a gcúramaí agus folúntas nua do Sceidealóir Ilardán le tacú leis an obair bhreise le Cúla4 agus TG4+1. Dúradh go raibh críoch ag teacht le tréimhse na n-intéirneach reatha agus de réir a chéile na h-intéirnigh nua tagtha ar bord do thréimhse bliana linn.

5.4.2 Painéal Láithreoirí: Dúradh go raibh láithreoirí nua ar phainéal faoi oiliúint as seo go deireadh na míosa agus go mbeadh muid ag déanamh feachtas poiblíochta fúthu nuair a bheidís ar an aer don chéad uair.

5.4.3 Straitéis Inbhuanaitheachta: Cuireadh in iúl don bhord go raibh Straitéis Inbhuanaitheachta TG4 á cur le chéile i láthair na h-uaire, a dhéanfadh cuimsiú ar chuid mhaith den obair atá ar siúl cheana féin ag TG4 maidir le fuinneamh inathnuaite, rialachas, obair an Fhóraim Seaimpíní, caidreamh leis an bpobal & páirtnéirí éagsúla agus cur chun cinn na Gaeilge. Dúradh go dtógfar san áireamh rialacháin nua Eorpacha agus dea-chleachtais idirnáisiúnta sa réimse seo agus go mbeifí gníomhach i ngréasán nua "DEI" atá bunaithe ag roinnt eagras agus comhlachtaí stáit agus coistí oibre san EBU.

DocuSign Envelope ID: 904AD290-783A-4574-A6BD-05B6DD8E0352

5.4.4 Transmixr: Tugadh eolas don bhord faoin togra Eorpach Transmixr, atá maoinithe ag clár Horizon an AE. Mar pháirt den tionscadal seo, tá TG4 ag comhordú togra teilifíse atá ag baint úsáid as teicneolaíocht AR/XR/VR agus ag meas cén úsáid phraiticiúil go bhféadfaí a bhaint as an teicneolaíocht nua seo i gcomhthéacs craoltóireachta. Dúradh go raibh os cionn scór eagraíocht Eorpach idir chomhlachtaí teic & cruthaitheacha, chraoltóirí agus institiúidí taighde & oideachais rannpháirteach sa togra.

5.4.5 Roinneadh miontuairiscí na gcruinnithe Ard-bhainistíochta leis an bhord.

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh bhunú chainéal Cúla4 agus thréaslaigh sí le gach duine a bhí páirteach ina sheoladh, idir fhoireann Choimisiúnaithe, Chainéil, Theicniúil, agus Phoiblíochta. Thug sí buíochas ar leith do na Léiritheoirí Neamhspleácha a bhí ag cruthú ábhar don chainéal. Dúirt sí gur ábhar mórtais a bhí ann cainéal do dhaoine óga a bheith seolta agus gur lá stairiúil é.

Rinne an Cathaoirleach comhghairdeas ar ócáidí eile TG4 le linn na míosa, Seoladh Sceidal an Fhómhair agus Cluichí Ceannais Peile na mBan. Thagair sí don slua mór a bhí i láthair ag an dá ócáid agus ghlac buíochas le gach duine a d'eagair.

**7. Cuntais Mhí Lúnasa 2023**

Thug an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar Chuntais TG4 ag deireadh Mhí Lúnasa. Leag sí amach an Caiteachas, Ioncam Tráchtála, Fiachóirí & Fabhraithe don mhí mar aon le Costais Chaipitil go dáta.
Tugadh tuairisc freisin ar ráiteas Airgeadais TG4 don chéad 6 mhí.

Glacadh leis na cuntais.

**8. Lucht Féachana Líneach & Neamhlíneach**

**8.1** Thug an Stiúrthóir Margaíochta cur síos ar an Lucht Féachana do Mhí Lúnasa. Bhí meánsciar féachana 2.1% ag TG4 i Mí Lúnasa, agus é ar an 7ú cainéal is mó féachana.

Ar na cláracha ba mhó a mheall lucht féachana le linn na míosa, bhí *Cluichí Ceannais Peile na mBan*, *Fleadh Ceoil 2023*, agus athchraolta *Opry le*

DocuSign Envelope ID: 904AD290-783A-4574-A6BD-05B6DD8E0352

*Daniel*. Le Painéal Fios Físe, mar aon leis na cláracha seo, tháinig *Rásaí na Gaillimhe* agus athchraoladh ar *An Cósta Thiar* chun cinn freisin.

B'iad *Peil na mBan* agus *Fleadh* ba mhó féachana ar an Seinnteoir le linn na míosa agus freisin an sruthú beo a déanadh ar fhéile *Mháire an Chlocháin Léith*. Bhí lucht leanta ard ag *Fleadh* agus *Peil na mBan* ar na h-ardáin sóisialta chomh maith.

8.2 Tugadh léargas don Bhord ar lucht Féachana Nuacht TG4 le bliain anuas. Míníodh toisc go bhfuil Nuacht TG4 dírithe go mórmhór ar an gcroí lucht féachana gurb iad figiúirí Fios Físe agus an t-aimsiú seachtainiúil ann is fearr a thugann léargas ar an bpátrún lucht féachana.

Dúradh go raibh an Nuacht fíorthábhachtach sa sceideal mar ancaire a mheallann pobal na Gaeilge isteach. Míníodh go raibh plean forbartha do Nuacht TG4 á réiteach agus go ndéanfaí seisiún plé leis an mBord faoi seo ag tús na bliana nua.

**9. Polasaí Scéithireachta**

Cuireadh Polasaí Scéithireachta TG4 faoi bhráid an Bhoird.
Glacadh leis.

**10. Tuairisc ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca eolas ar a raibh pléite ag an chruinniú den choiste ar an 17 Iúil.

Tugadh eolas ar thuairisc ó na hIniúchóirí Inmheánacha, DHKN, ar na díolacháin a bhaineann le urraíocht agus fógraíocht. Rinneadh tagairt do chur i láthair a fuair an coiste maidir le costais chláir agus príomhcheannteidil an bhuiséid choimisiúnaithe. Dúradh gur phléigh an Coiste Scálaí Pá TG4 agus Costais Taistil foirne a bhíonn le ceadú.

Aontaíodh go ndéanfaí iniúchadh ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú mar an tríú gné den Iniúchóireacht inmheánach do 2023. D'fhágfadh san an trí ghné seo clúdaithe do 2023:

1) Díolacháin agus Feichiúnaithe, Fógraíocht agus Urraíocht.
2) Coimisiún clár i leith Buiséid
3) An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

DocuSign Envelope ID: 904AD290-783A-4574-A6BD-05B6DD8E0352

Dúradh gur thug an Stiúrthóir Teicneolaíochta uasdátú don choiste ar chíbearshlándáil.

**11. Tuairisc ón gCoiste Branda**

Thug Cathaoirleach an Choiste Branda eolas ar a raibh pléite ag an chruinniú den choiste ar an 15 Lúnasa.

Déanadh tagairt d'ócáidí Pheil na mBan agus an Fleadh Ceoil; ar na h-ullmhúchain do Seoladh Cúla4 ar an 08 Meán Fómhair agus ar fheachtas poiblíochta TG4 Súil Eile / Eyes Wide a bhí beartaithe a rith i Mí na Samhna.

Déanadh plé freisin ar an mbuiséad margaíochta agus tugadh briseadh síos ar chaiteachas na bhfeachtas.

Dúradh go mbeadh tairiscint do sheirbhísí Margaíochta le fógairt go luath, don tréimhse 2024 – 2027.

**12. Gnó ó Chomhaltaí Boird**

Ní raibh aon ghnó ó Chomhaltaí Boird.

**13. Riarachán Boird**

*13.1 Polasaí Airgeadais:* D'aontaigh an Bord glacadh leis an bpolasaí airgeadais a pléadh ag cruinniú mhí Iúil. Chuir Comhalta Boird amháin in iúl go seasfadh siad siar ón gcinneadh boird sin ar bhonn prionsabail, toisc nach raibh an polasaí ag teacht go hiomlán leis an gciorclán stáit.

13.2 *Ceadú conartha*: D'fhág Siobhán Ní Ghadhra, Darach Ó Tuairisg, Mairéad Ní Nuadháin agus Sonia Nic Giolla Easbuig an seomra.
Nótáladh gur ceadaíodh conradh do shraith drámaíochta *Saor Sinn ó Olc* ag fo-chruinniú den Bhord ar an 7ú Meán Fómhair. Dhearbhaigh na comhaltaí a gcead.

**13 Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann.


**Lón / Comhairle Lucht Féachana**

Chas an Bord agus cuid de bhaill Chomhairle an Lucht Féachana le chéile.

DocuSign Envelope ID: 904AD290-783A-4574-A6BD-05B6DD8E0352

## Críoch

DocuSigned by:



***Síniú*** 1915C3940044407...

**Dáta** 14-Nov-23 | 4:10 PM GMT